# Guth Ghoill

Luach:€1.50













# AN CLÁR

## Iris Céim Aniar

Clár........................................................................ 2

Eagarfhocal & Cé na nDúnaibh...... 3

Athaontú Scoil Mhíobhaigh........ 4&5

Na Bailte Fearainn-
An Corach ........................................ 6,7&8

Coisreacan Na gCurach
& Gaisce........................................ 9,10&11

An Oíche Ghaelach..................... 12&13

Feadaímó........................................ 13&14

Uan-£41,000 &
Ranganna Gaeilge.................................. 15

Na Campaí Sambraidh....................... 16

# Eagarfhocal Na Samhna 06

**Is é seo an dóú eagrán déag de Ghuth Ghoill agus i ndiaidh dúinn triall a bhaint as rudaí éagsúla ó am go ham agus trí a bheith ag labhairt le daoine faoin irisleabhar tá muid sásta go bhfuil feabhas ag teacht ar an stíl agus ar na hábhair i nGuth Ghoill. Beimid sásta labhairt le duine ar bith faoi idéanna ar bith atá agaibh agus gheobhaidh sibh muid ag 074-9154830 nó ag ceimaniar @ eircom.net.**

**Tá muid an-bhuíoch do na daoine sin a scríobhann píosaí dúinn go rialta agus caithfidh mé a rá leosan barr géar a chur ar a gcuid pinn luaidhe mar go mbeidh muid ag súil le eagrán speisialta a chur amach don Nollag. Tá daoine ann agus scríobhann siad píosa do eagrán amháin agus táimid an bhuíoch dóibh sin fosta mar cuidíonn achan rud le hirisleabhar beag áitiúil cosúil le Guth Ghoill. Íocann daoine síntiús €20 ag tús na bliana anois agus cuirtear gach eagrán de Ghuth Ghoill sa phost chucu. Tá méadú ag teacht chuile bhliain ar an méid daoine atá á lorg ar an dóigh seo. Duine ar bith fán cheantar gur mhaith leo Guth Ghoill a fháil ar an dóigh seo is féidir linn sin a shocrú ach an €20 a bheith íoctha acu ag tús na bliana. Duine ar bith a dhíol a gcuid airgid i lár na bliana anuraidh agus nach bhfuair an chéad cúpla eagrán, thig linn iad a chur chucu ach iad ceist a chur. Tá súil againn go mbainfidh sibh sult as an eagrán seo agus go mbeidh Oíche Shamhna mhaith agaibh.**



## Cé na nDúnaibh

*Is é seo pictiúr do ché na nDúnaibh i lár mí Mheán Fómhair. Bhí an rabharta ann agus bhí an lán mara iontach ard ar fad an tráthnóna sin. Cé go raibh daoine a rá go bhfaca siad an taoide ag dul trasna na cé in amanna caithfimid anois í a chur san áireamh go bhfuil léir obair déanta ar an ché ó shin agus go bhfuil sí chor a bheith troigh níos airde anois ná mar a bhí. Fosta bhí an tráthnóna ciúin agus ní raibh bogadh ar bith san uisce. Dá mbeadh stoirm nó mórtas san fharraige bheadh dochar déanta. Cibé ar bith is pictiúr galánta é a ghlac Stiofán Ó Sibhleáin agus tá muid buíoch do ar a shon sin.*

## Athaontú Scoil Mhíobhaigh



Duine ar bith a d'fhreastail ar Scoil Mhíobhaí agus a bhí as láthair an oíche seo bhail, caithfidh mé a rá gur chaill siad scoth na hoíche. Chuir Coiste Athaontú Scoil Mhíobhaí oíche i láthair a dtig leo a bheith bródúil as.

Is é an coiste a bhí ann ná Donncha Mic Giolla Bhríde, an cathaoirleach, Caitlín Ní Dhomhnaill, an rúnaí agus Sean Mac Giolla Bhríde, an



cisteoir.

Ag cuidiú leo bhí Micheál Ó Gallchóir, Micheál Ó Dochartaigh Noreen Goulding agus Proinsias Ó Cuilinn. Thosaigh an oíche leis an Aifreann in Eaglais Stella Maris agus rinne an tEaspag Philip Ó Buaidhe é a cheiliúradh leis an Athair Cathal



Ó Beirn mar chomhcheiliúrai. Bhí scaifte maith ar an Aifreann agus bhí an cór agus an ceol sármhaith. Glacadh grianghraf den



slua ó mhullach Theach an Phobail agus bhí an pictiúr seo le feiceáil sa "Tírconáil Tribune" an tseachtain dar gcionn. Chuaigh achan duine síos go dtí Ionad CLG Na nDúnaibh ansin agus cuireadh tús le himeachtaí na hoíche. Bhí beár ansin agus leis an fhírinne a insint, bhí sé gnoitheach ó thús go deireadh na hoíche. Chuala mé go raibh léir daoine ansin agus fonn orthu deochanna a cheannacht do dhaoine nach bhfaca siad le fada; ach caithfidh mé a rá nár casadh mórán de na ceannaitheoirí flaithiúlacha sin ormsa. Thug Fintán Ó Gallchobhair taispeántas ag 9.30 ar mhéadú agus laghdú an daonra idir 1901 – 1911, agus ar athruithe eile a tharla ag an am sin. Bhí sé thar a bheith suimiúil a bheith ag amharc ar staitisticí a bhain lenár sinsear agus



comparáid a dhéanamh idir na figiúirí sin agus an t-athrú a tharla idir sin agus an lá atá inniu ann. Bhí píosa an-ghreannmhar ann faoin difear a bhí idir aoiseanna na ndaoine i 1901 agus 1911, suas le fiche bliain i gcásanna áirithe agus an dóigh gur athraigh na hainmneacha sa tréimhse

céanna, mar shampla Caitlín go Kitty, Wilhare go Carr agus srl. B'fhéidir go raibh baint ag pinsean na seandaoine, ar cuireadh tús leis i 1908 le cuid de na hathraithe seo. Ag a deich a chlog



thosaigh an béile, agus nuair a rinneadh an fógra go raibh an béile réidh, ghlacfá a bheith i mbarr do shláinte le fáil fhad leis an tábla leis an táinrith a tharla. Bhí ocras ar dhaoine is dócha mar bhí sé mall go leor ach le cothrom na féinne a thabhairt don Síbín Ceoil, do Mháiréad agus a foireann, bhí béile den chéad scoth déanta acu agus flúirse bia le fáil. Bhí a sheacht sá ag achan fhear is bhean de shicín, iasc, mhúiríní agus rl



gan trácht ar na sailéid.
Nuair a bhí an féasta thart agus a ndótháin ag achan duine labhair Donncha Mic Giolla Bhríde, agus Máire Bn Uí Fhrighil, muinteoir a bhí sa scoil sna caogaidí agus a d'fhág i 1962. Labhair Sean Mic Giolla Charra, fear a fuair taithí múinteoireachta sa scoil i 1966 agus chuir Mícheál Mac Aodha deireadh leis an pháirt sin den oíche. Bhain achan duine sult as na hóráidí mar bhí siad suimiúil agus bhí neart greann iontu. Thosaigh an ceol ansin leis an "Anvil Ceilí Band," agus chan seo an chéad oíche a bhí na boic sin amuigh mar ba bhreá na ceoltóirí iad. Bhí achan sórt damhsa ag dul idir waltzes agus reels agus nuair a bhí baicle a dhíobháil fa choinne " The Walls of Limerick" cha raibh sé doiligh í a fháil. Bhí na bonnaí leathair agus bonnaí na sál ard ag baint toit as an urlár, agus daoine a shilfeá nach mbeadh croitheadh coise iontu, ag seoladh chun an urláir leis na chéad nótaí de achan phort. Bhí raifil againn fosta agus bhain Mícky Áine ón Ghlíob pictiúr deas de n scoil a rinne Tommy Clyde. Bhain Micky Phat ón Ghliob cairdeagán cadáis a chniotáil Nan, agus iontas na n-iontas chuaigh an tríú duais an treo céanna nuair a bhain Treasa Nic Giolla Bhríde ( Stiophán) an t-uisce beatha. Cibé ar bith, le scéal fada a



dhéanamh gairid, tháinig deireadh leis an oíche agus fuair achan duine na bhaile slán sábháilte, buíochas do Dhia. Nuair a thosaigh Donncha agus an coiste ar an tógra seo bhí sé de sprioc acu oíche a eagrú do na daoine a d'fhreastal ar Scoil Mhíobhaí. D'éirigh leo sin a dhéanamh agus cé nach bhfuil an chuid is mó den obair a rinne siad le feiceáil ar ócáid mar seo, tuigeann an pobal nach dtarlaíonn a leithéid gan allas duine inteacht a bheith dóirte. Is é Donncha an fear a rinne an chuid is mó den obair sin agus tá an-mholadh tuilte aige, agus ba mhaith le Donncha agus an coiste uilig buíochas a ghabháil le achan duine a chuidigh ar dhóigh ar



## An Corrach




## Teach Noní ( John Mac Giolla Bhríde)



Is fada an lá é ó fuair Noní bás agus níl aon duine beo anois as an teaghlach de sheachtar nó d'ochtar a thóg sé.
Is í Nora Reeves gar iníon do Noní an duine deireanach a bhí ina cónaí anseo.

## Seanteach Phatrick Pháidí Den



Bhog Patrick suas go dtí an teach úr a thóg siad ag ceann an bhealaigh sna seascaidí. Bhí sé ina chónaí ansin lena dheirfiúr Magie agus ansin Máire. Tá siad uilig marbh anois.

## Teach úr Phatrick Pháidí Den



## Teach Pháidí Dhonncha Mór



Caithfidh muid a dhul ar ais seacht nglún chun Donchadh Mór a fháil. Thóg seisean an teach seo, is dócha, thart fá lár an 19ú aois. Bhí sé pósta ar dhuine de bhunadh Uí Chóill as an Raplach. Bhí ceathrar clainne ag Donchadh Mór—Charlie Dhonchaidh Mhóir, Paidí Dhonchaidh Mhóir, Peigí Dhonchaidh Mhóir agus Rosie Dhonchaidh Mhóir.
Níl againn ag an phointe seo ach na teaghlaigh a shíolraigh ó Charlie agus ó Phaidí Dhonchaidh Mhóir. Bhí Charlie ina athair mór ag muintir Hughie Den i nDumhaigh, muintir Shéarlaí i nDoire Chasáin, Pat an Gréasaí agus muintir Faoin Bhinn, agus scaifte an-mhór den chlann seo thart fá cheantar Ghlascú.
Bhí mac de chuid Phaidí Dhonchaidh Mhóir, fear a raibh Neaty air, a chur faoi i mBaile na nGallóglach agus bhí seachtar nó ochtar clainne aige. Tá scaifte mór den bhunadh

seo thart fá Bhaile na nGallóglach anois. Bhí Paidí ina athair mór fosta ag Annie Dochartaigh a bhí pósta ar Phaidí Phaidí a Buaidhe i gCeann A' Leargaí, sin máthair Madge Mc Gettigan agus Annie Rooney. Tá Annie sa teach ar tógadh í ann i gCeann A'Leargaí.

'Sé an píosa eolais atá again faoi Pheigí ná go raibh sí ina máthair mhór ag muintir Nead Mhór i nDoire A'Chasáin. Bhí aithne ag cuid mhaith againn ar Nead Nead Mhór agus ar Mhánas Nead Mhór—Mánas A'Phoist.

Is teach saoire atá anseo anois. Bhí an teach seo druidte le níos mó na seasca bliain roimhe seo.

## Gleann Úraí






## Teach Jimmy Doherty



Ba iad Denis agus Maggie Doherty, dhá cholceathair an bheirt dheireanach a bhí ina gcónaí sa teach seo agus fuair siad bás ag deireadh na seascaidí.

## Teach Bhidí Pháidí Óig



Ba duine a bhí in Bidí a raibh cliú uirthi fán áit mar reathaí. Phós sí fear darbh ainm Mac A tSaoir agus thóg seisean halla beag damhsa ag cúl an tí. Tógadh le "corrugated iron" an foirgneamh agus bhíodh spóirt ar dóigh ag na gasúraí óga ag caitheamh cloch ar an díon nuair a bhíodh an damhsa ag dul ar aghaidh.

## Teach Phaidí Mhadgsie



Phós Páidí bean darbh ainm Hannah Bhrian agus thóg siad seachtar clainne. Fenny, Maggie, Rosie, Máire, Micky, Denis agus Charlie. Tá Rosie beo go fóill.

Teach John Thuathal Mór



Fear stairiúil cliste a bhí in John Duffy a chuidigh le achan duine faoin áit foirmeacha a líonadh isteach nó litreacha a scríobh. Chaith Leslie léir ama sa teach seo agus fuair sé neart focla Gaeilge don leabhar ' Cnuasach Focail as Ros Guill' ó John. Fuair John bás sa bhliain 1985.

Teach Mhicí Rua



Tógadh an teach úr ag tús na 40's agus is é Micheál Thuathal Stiofán a rinne an obair. Tugtar na Micí Rua's ar bhunadh an tí seo go dtí an lá atá inniu ann.

Is é Boyce an sloinneadh a bhí ar Mhicí Rua, seanathair Annie. Fuair Annie bás sa bhliain 2003. Tá mac Annie, 'sé sin John



pósta agus ina chónaí píosa thíos ón teach seo—John Annie Mhicí Rua. Rugadh iníon do Freddie, mac John, i lár mí Dheireadh Fómhar 2006. Kitty an t-ainm a tugadh uirthi agus déanaimid comhghairdeas a ghabháil le Freddie agus a bhean céile Ger. Má leanann muid leis an traidisiún is dóiche gur Kitty, Freddie, John, Annie, Phaidí Mhicí Rua a hainm áitiúil.

Teach John Annie Mhicí Rua



## *Cupla Reabhlóga*

Tá ceann tuí ar thrí theach atá thíos le taobh na toinne.

Bhí bean ag Joe
Is bhí banjo ag Joe
Is bhí banjo ag bean Joe
B'fhearr go deo Joe ar an mbanjo
Ná bean Joe ar an mbanjo go deo.

Tá sicín ina seasamh sa tsneachta lá seaca.

# Coisreacan na gCurach



Ar an Domhnach an 16ú lá de mhí Iúil tháinig na sluaite de mhuintir an taobh thoir agus leoga, neart de mhuintir an taobh thiar fosta, go bruach na Maol Ruaidhe thíos i nDún Dúbháin. Cha ngeofá a leithéid de lá ar an Riviera.



Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch agus gan scamall le feiceáil ó cheann Mhálainne go Corn Binne. Bhí sé ag trá agus bhí dhá churach ina suí go seascair sámh san fheamainn cois farraige. Bhí na daoine uilig, idir fhir is mhná is pháistí ina seasamh thart ag comhrá agus ag baint sult as an aimsir ghrianmhar. Bhí boladh galánta san aer mar bhí trí bharbaiciú faoi lán seoil, ag róstadh an bhia go deas socair, sa dóigh is go mbeadh sé réidh nuair a bheadh an coisreacan déanta. Thart faoin trí a chlog tháinig an tAthair Cathal Ó Beirn agus bhailigh achan duine thart ag éisteacht. Thosaigh an sagart ar an choisreacan agus bhí sé dó-chreidte an suaimhneas a bhí thíos ansin ar bhruach na Maoil Ruaidhe fríd an searmanas ar fad. Ní raibh le cluinstin ach canadh binn an loin dhuibh, monabhar íseal na farraige agus glór láidir an tsagairt sa bhá bheag fhoscaíoch.


Níor mhair an cineáil sin ciúnas i bhfad. Chomh luach is a bhí an leabhar naofa druidte agus an bheannacht dheireanach déanta ag an Athair Ó Beirn chuaigh na curacha amach. Ní raibh ganntanas rámhaithe an lá sin agus chuaigh siad i mbun iomramh gan feidhm an dara ceist a chur orthu. Chuaigh siad suas thar Faoin Stór a fhad le Analin agus Carraig a Ghliomaigh agus anuas arais go dtí Bá Lag an Ghearáin leis an sruth agus bheadh beirt eile ag fanacht orthu lena seal féin a fháil. Ansin tugadh amach na páistí agus na mná agus i ndeireadh an lae, fuair achan duine a raibh turas beag farraige a dhíobháil orthu a mian. Bhí an Bád Tarrthála ansin fosta le súil ghéar a choinneáil ar rudaí, agus tá buíochas tuillte ag an Garda Cósta áitiúil mar tá siad i dtólamh sásta cuidiú a thabhairt ar ócáidí mar seo. Ba í an fhoireann a bhí ar an bhád an lá sin ná, Seán



Mac Laifeartaigh (John Frank), Séamas Ó Gallchóir (Phaidí Mhicí) Paul Ó hArcáin agus Micheál Mac Aoidh. Bhí lá gnoitheach ag Mícheál ag cuidiú le daoine a dhul isteach is amach ach d'fhan sé lena phost go dtí go raibh a sá ag achan duine de na curacha. Taobh amuigh den phortach nil a dhath cosúil leis an fharraige le ocras a chuir ar dhaoine agus dhírigh muid uilig isteach ar an bhia. Bhí Máire ar na "burgers," Cáit ar na "hot dogs" agus Tommy agus Sús ar bharbaiciú an éisc. Gheobhadh duine ar bith de na cócairí sin obair sa Ghresham gan amhras ar bith. Bhí Marian i gceannas ar thábla na ndeochanna. Bhí tae is caifé, coke is líomanáid go leor ansin ach ní raibh beoir ar bith le fáil ag an am sin den lá. Tháinig an pháirt sin den cheiliúradh níos moille sa tráthnóna nuair a bhí na curacha curtha 'na luí. Is ansin a bhain John agus Eunan amach na Guitars agus thosaigh ar an "Ho down" Bhain achan duine sult as an lá sin, agus, is lá fada go leor a bhí ann. Thosaigh daoine ag teacht ag a dó a chlog agus bhí siad ansin go deachaigh an ghrian san fharraige agus na guthanna in airde acu ag ceol na "Banks of Mulroy Bay." Níl fhios agam cad é a shíl muintir Fhánada don chraic mar is cinnte gur chuala siadsan an ceol.

Bhail, i ndeireadh an lae níl ach rud amháin le rá , agus sin é go raibh lá ar dóigh ar an taobh thoir acu an lá sin

***Lá Coisreacan na gcurach.***





# Gaisce.

**Tá éacht ó Ros Goill a bhfuil cáil air,**
**Siar an bealach uilig go Gaoth Dobhair,**
**Cluinfidh tú é ó Chluain tSaileach**
**Go dté tú go dtí an Meall Mór.**
**Ba ghaisce a bhí ann i ndáiríre**
**Fá thuras fada mara na gcurach,**
**Tá a gcliú 'nois ar fud fad na tire,**
**Fána dturas sna curach' go Toraigh.**

**Chuala daoine fá dtaobh de ar Raidió,**
**Bhí sé 'stigh ins na páipéir go léir,**
**Scéal mór leathanach tosaigh an Indó,**
**Iad a' caint faoi ar Sky rith a' lae.**
**Na daoine a chuaigh suas ar Mt. Everest,**
**Nó a shiúil ar an ghealach fadó,**
**Tá a mhacasamhail déanta araist,**
**Ach gníomh atá ' bhfad bhfad níos mó.**

**Cé a rinne an t-éacht seo gan dua,**
**Na Fianna ná laochra na Traoi,**
**Cúchulainn le cabhair na Craoibh' Rua**
**A bhí in Éirinn 's Mac Neasa 'na Rí.**
**Suígí suas is tabhair aire a chairde,**
**Nach seo scéal faoi laochra 'tá beo,**
**A thaispeáin an chrógacht ab airde,**
**A bheas i mbéal na ndaoine go deo.**

**Tús Geimhridh a tháinig siad le chéile,**
**Creatlach curaí do leag siad seo síos,**
**D'obair siad Domhnach 's féile,**
**Seancheird tá 'rais againn arís.**
**Sa tSamhradh ar dhumhcha Dhún Duáin,**
**Na sluaite bhí glórmhar is glórach,**
**Seoladh curach le fonn is le fuaim,**
**Ar ócáid 'bhí ollásach 's onórach.**

**'Nois thosaigh an cleachtadh don turas**



**Seacht mile dhéag a bhí 'gceist,**
**Farraige throm nach mbeadh furast',**
**An 'Taobh Thiar' dúirt nach seasfaí an teist.**
**Maidin 's oíche ag iomramh,**
**Síos 's aníos an Mhaol Rua,**
**Spuaiceacha a' briseadh ach bhí iomrá,**
**Gur bunadh a' 'Taobh Thoir' a bhí cruaidh.**
**B'álainn 's b'aoibhinn an mhaidin,**
**I bhFómhar dhá mhíle is a sé,**

Na fir ag láimhseáil na rámhaí,
'S iad ag imeacht ón ché.
Bhí na mílte ag scairtigh is ag liú,
Ní fhacas a leithéidí roimhe,
Fathaigh fir agus deor' ina súil',
Aghaidh na gcurach i dtreo Corráin Binne.

Sna curach' bhí óg agus críonna,
'S d'iomair siad leo gan aon sos,
Go breabhsánta, beomhar,bríomhar,
'S na rámhaí an-ghéar ar na bois.
Bhí cuid mhór rudaí ráite faoin luas,
Mar bhí fir leo bhí beagainín trom,
Ach bhí gáir' an 'Taobh Thiar' ina gcluas'
An sruth agus gaoth lena ndroim.



Shroich siad ceathrú don Toraigh ag hAon,
Chuig fáilte a bhí thar a bheith fial,
Béile breá blasta a d'ith siad,
Agus leis d'ól siad gloinne beag fíon.
Thosaigh siad ag aithris a n-eachtraí,
Faraor! Ní raibh siad abálta suí,
Chuir sé iontas an domhain ar Rí Thoraigh,
Go raibh bunadh Ros Goill 'shiúl a luí.



Nuair a d'éirigh siad an mhaidin dar gcion,
Bhí an fharraige a' bagairt 's a' briseadh,
Chraith muintir Thoragh a gcinn,
Ní raibh'n chosúlacht go mbeadh sé a' biseadh.
Ach na stócaigh ní raibh acu aon fhoighid,
De ruathar thug siad aghaidh ar an ché,
Léim siad isteach ins na báid,
'S tharraing siad na curach' 'na ndiaidh.

Le croíthe lán mórtais is bróid,
Thug na fir 'nois a n-aghaidh ar an bhaile,
Nach iontach an fháilte 'bheadh ann dóibh,
Tinte cnámh, ceann i ndiaidh an chinn eile.
Bheadh iriseoirí cliúteach' na tir' ann,
An raidió 's T.G. a Ceathar,
Bheadh Comhairleoirí Contae s'ainn fhéin ann,
Croitheadh lámh le gach uile mac máthar.



Bhí an fharraige 'nois fíochmhar is fiánta,
Tonnta tréana mar thithe achan taobh,
Ach acusan bhí taithí na mblianta,
Cha raibh 'dhath faoin spéir a bhainfeadh díobh?
Gutháin phóca bhí siad a n-úsáid,
Ag caint lena gcaird' ar tír mór,
Ag innse faoin spraoi a bhí acu,
Amuigh ar an fharraige mhór.

Chuir na cairde scéala chuig cairde,
Go raibh siad go buacach ag teacht,
Chuaigh na mílte amach ina n-airicis,
Le bheith ina gcuideachta isteach.
An R.N.L.I. is heilicopters,
'Is bádaí idir bheag agus mhór,
Shín siad ó bharr Corráin Binne
Soir go Ceann an Mhill Mhóir.

Teacht na'báighe níor ghlac sé ró-fhada,
Iad uilig ar a sáimhín só,
Chan a dhath an Spanish Armada,
Teach fríd an Channel fadó.
Don chéad uair thosaigh siad a' smaoiteadh,
Ar vodka, chóc agus phiontaí,
Anois bhí siad thar a bheith cliúteach,
'S ba thuras na gcurach a ba chiontaí.

Anois tá achan duine fá bhaile,
Slán sábháilte ar ais ar tír mór,
Ag smaoiteadh ar an chéad turas eile,
B'fhéidir go dtí'n Bhlascaod Mhór.
Tá scéal eile dul thart a bhfuil caint faoi,
A' dtiocfaí aithris a dhéanamh ar Naomh?
Turas Cholm Cille 'nonn go hÍ ,
Nach deas a bheith abálta é mhaíomh.

Níl gíog ná míog ón 'Taobh Thiar',
Is dócha go bhfuil siad ite ag éad,
Ach deir siad go ndéanfaidh siad curach',
'S nach mbeidh siad a dtarraingt le téad.
'Má théann muid ag iomramh ón ché,
Go Toraigh nó na mílte i gcéin,
Ní fhágfaidh muid curach' 'nár ndiaidh',
Seo an rud a dúirt siad fhéin.



# An Oíche Ghaelach.

Bhí oíche Ghaelach sa Síbín Ceoil againn ar an Aoine an 20ú lá de mhí Dheireadh Fómhair. Oíche speisialta a bhí ann dúinn mar chuir na páistí, atá ag déanamh Agallaimh Beirte ag an Oireachtas i gcathair Dhoire, ar an 2ú lá de mhí na Samhna, na hagallaimh uilig i láthair don lucht éisteachta agus caithfimid a rá go raibh siad iontach maith ar fad.



Níl amhras ar bith ná go raibh na tuismitheoirí bródúil as na páistí mar bhí sé soiléir do achan duine ansin go raibh obair mhór déanta acu agus tá shúil againn go n-éireoidh go maith leo istigh i nDoire.
Taobh amuigh de na hagallaimh dúirt Ailín Pa-



soma agus Marcus Mac Laifeartaigh dán agus de réir cosúlachta is iad seo beirt a mbeidh ar a gcumas na hagallaimh beirte a dhéanamh gan bu-aireamh ar bith.
Bhí dán agus amhrán deas ag Laura Pasoma dúinn, duine eile a chuireann suim mhór in imeachtaí Gaeilge.





Bhí lúcháir orainn fosta fáilte a chur roimh file as Carraig Áirt, Rachael Mooney. Dúirt sí dánta a chum sí féin agus cheol sí cúpla amhrán, agus cheol sí féin agus a máthair Linda an t-amhrán Éamon A' Chnoic.



Bhí an grúpa Ros Ceoil ansin fosta agus bhain muid uilig sult as an cheol. Tá muid an-bhuíoch do Sheán Ó Morónaigh príom-fheidhmeannach An Chomhlachas Náisiúnta Drámaíochta, a bhí i láthair agus a rinne moltóireacht ar na hagallaimh.



Tá muid ag súil go mór leis an chéad Oíche Ghaelach eile mar gur seo an caighdeán siamsa agus cultúir a bheidh muid ag dúil leis ó seo amach.



## Feadaímó

*Tá Feadaímó ag déanamh iarracht Seán Mháire Den a scaoileadh saor ón bheairic i gCill Mhic nEánáin. Tá poll déanta sa tuí aige agus tá ceithre príosúnach sa seomra thíos faoi. Tá Proinsí Rua agus Conal Óg amuigh ar an tsráid ag iarraidh aire an bheirt saighdiúir atá ar garda, a choinneáil orthusan. Tá siad ag ligint orthu go bhfuil siad ólta agus iad ag ceol agus san am chéanna ag fanacht fada go leor ar shúil sa dóigh is nach n-aithneodh na saighdiúirí iad dá gcuirfí fiosrúchán ar bun i ndiaidh na hoíche.*

*Bhí an troscán gann i seomra na bpríosúnach. Cha raibh oiread agus sean chlár acu le luí air. Ní raibh sa seomra ach urlár créafóige agus sean bhuicéad adhmaid ina sheasamh sa choirnéal agus boladh as a thiontódh muc ag dul chun an úlloird. Bhí sean bhlaincéad olla garbh ag achan phríosúnach agus d'iarr Feadaímó orthu beirt acu a cheangal le chéile agus taobh amháin a chaitheadh chuige. Sheas Feadaímó agus chuir sé a chosa ar dhá rachta. D'iarr sé ar an chéad fhear greim daingean a fháil ar an bhlaincéad agus tharraing sé leis. Ba é seo an t-am is contúirtigh dóibh agus bhí Feadaímó ag iarraidh an obair a dhéanamh chomh tiubh géar is a thiocfadh leis. Tháinig an chéad fhear amach fríd poll an dín mar a bheadh sciathán leathair ann ag teacht amach ó uaimh. Fear mór cnámhach a bhí ann agus d'amharc sé le hiontas ar aghaidh an fhir óig a bhí i ndiaidh é a thógáil amach ón teach mar a bheadh bábóg ann. Níor labhair*

*Feadaímó ach thug sé comhrá don fhear an díon a thréigeadh agus an talamh a bhaint amach. Fear breá aclaí a bhí sa phríosúnach agus ní raibh deacracht ar bith aige dhul ón díon síos ar an bhairille agus ó sin go talamh. Tharraing Feadaímó an dara fear amach an dóigh chéanna. Tháinig Seán Mháire Den amach ins an tríú áit agus nuair a shroich sé an díon d'aithin sé Feadaímó. Rinne Feadaímó comhartha leis gan a dhath a rá agus thuig Seán ar an bpointe caidé a bhí i gceist agus chuaigh sé go talamh gan focal eile.. Nuair a bhí siad uilig ar an talamh léim Feadaímó síos ina measc agus beart mhaith den tuí leis. Chrom siad uilig síos agus labhair Feadaímó. "Caithfimid dhul trasna an bhalla ag cúl an phríosúin agus cuirfidh mise an tuí seo ar an ghloine bhriste sáite ar bharr." Chuaigh siad ar bharraicíní a gcos agus lean siad Feadaímó. D'amharc Feadaímó trasna an bhalla le bheith cinnte nach raibh aon duine thart. "Anois a ghasúraí nuair atá sibh amuigh téigí díreach chuig na sean tithe sin amach romhaibh agus tiontaígí ar chlé. Tiocfaidh sibh ar an abhann taobh amuigh den bhaile agus fanaigí ansin go bhfaighidh mise fhad libh."*

*Thiontaigh sé ansin agus dúirt leis an fear mór cnámhach. "Gabh thusa amach ar dtús agus thig leat cuidiú a thabhairt do na boic eile," agus chuir sé an tuí ar an bhalla agus chuir sé a dhá lámh faoi chos an fhir mhóir agus d'fhág sé é ina sheasamh ar an tuí. Léim sé síos ar an taobh eile agus bhí an chéad fhear amuigh. Ní raibh deacracht ar bith leis an triúr eile agus thug Feadaímó é féin léim amháin suas ar an bhalla agus bhí seisean amuigh fosta. Chaith sé an tuí isteach sa príosúin arais agus rith siad i dtreo na dtithe. Bhí achan fhear acu costarnocht agus b'fhurasta dóibh a bheith ciúin ach ag dul thart ar theach amháin thosaigh madadh ag tafann agus d'fhreagair an madadh béal dorais é. Thosaigh madadh ar an taobh eile den bhaile ansin agus bhí callán go bráth acu. Chuala na saighdiúirí an rírá agus rith siad thart go cúl an phríosúin, fear acu ag dul bealach amháin agus fear acu an bealach eile. Bhí Feadaímó agus na fir eile taobh amuigh den bhaile faoin am seo agus shocraigh na madaí síos.*

*Chas na saighdiúirí ar a chéile ach ní fhaca siad rud ar bith as áit. "Damn mutts," dúirt fear acu, "probably seen a cat" D'aontaigh an fear eile leis, "yeah, bloody racket" "Its no worse than those two morons out front" dúirt an chéad fhear, agus thosaigh siad ag gáire. D'imigh siad leo thart ar*

*an phríosúin arís agus nuair a tháinig siad fhad leis an gheafta chonaic siad na hamhránaithe ag bogadh ar shiúl agus dhá thaobh an bhealaigh leo. "Wont sing without a bloody audience eh?" dúirt fear acu, agus thosaigh an gáire arís. Nuair a bhí Conal Óg agus Proinsí Rua as amharc na saighdiúirí níor chuir siad am ar bith amú agus rith siad i dtreo na habhann agus an t-áth dubh. Chuaigh siad i bhfolach sna crainn ansin ag fanacht ar Fheadaímó.*

*Shroich Feadaímó agus na fir eile an abhainn níos faide siar agus stad siad ansin faoi na crainn. "Caithfidh achan fhear a bhealach féin a dhéanamh anois" a dúirt Feadaímó. Chroith fear acu lámh le Feadaímó, "go raibh maith agat a fhir óig agus tá shúil agam nach dtiocfaidh buaireamh ar bith do bhealachsa de thairbhe obair na hoíche seo. "Is mise Domhnall Óg Ó Baoil agus ní dhéanfaidh mé dearmaid don éacht atá déanta anocht agat. Rachaidh mise agus Feargal siar i dreo na Rossa," cuirfear i bhfolach ansin muid go dtí go socróidh rudaí síos píosa. Sheas an fear mór, "níl mise dul arais go Gaoth Dobhair," dúirt sé. "Beidh na cótaí dearga mo chuartú go géar agus ní bheinn ach ag tarraingt trioblóide ar mo mhuintirse. Cén bealach a rachaidh tú a Chondy? d'fhiafraigh Domhnall Óg. D'amharc Condy air. "Beidh sé níos fearr agat féin gan an t-eolas sin a bheith agat ar eagla go ngabhfar ort a Dhomhnaill. Anois, slán libh uilig agus go hairithe tusa a fhir mhóir gan ainm" a dúirt sé le Feadaímó, "ádh mór oraibh uilig a fheara" agus d'imigh sé ó dheas mar thaibhse fríd na crainn. "Is fearr dúinne na bonnaí a bhaint as fosta, a Fhearagail, dúirt Domhnall Óg, tá léir talamh idir muidne agus sábháilteacht.*

*"Ádh mór oraibh agus go dtuga Dia slán anocht sibh" arsa Fearagal leis an bheirt a bhí fágtha. D'amharc an bheirt eile orthu ar feadh tamall agus iad ag imeacht siar gan focal astu. Ansin labhair Seán, Caithfidh mé a rá a Fheadaímó go bhfuil iontas an domhain orm tú a fheiceáil.*

*Shíl mé féin gur crochta a bheinn gan mhoill. Níl tú sábháilte go fóill a Sheáin.*

*Goitse, tá beirt eile ag feitheamh orainn. D'imigh sé ó thuaidh ag leanstan na habhann go dtí an t-áth dubh. Mhothaigh Proinsí Rua agus Conal Óg iad ag teacht agus bhí siad rompu ag an áth. "Bhail, a Sheáin, tá lúcháir orm tú a fheiceáil. Cad é'n diabhlaíocht a tharraing na cótaí dearga ort féin?. Bhí mé ag déanamh go raibh rud éigin ciotach nuair nach raibh tú ar an mheitheal inniu". Bhail, a Phroinsí agus a Chonail tá lúcháir ormsa sibhse a fheiceáil fosta. Cáidé rinne mé? Bhail sin ceist mhaith, agus inseoidh mé an fhirinne díobh. Mar a tharla sé bhí mé san áit chontráilte ag an am chontráilte agus casadh na daoine contráilte orm. Bhí mise amuigh aréir i dteach Thuathail Jack. Tá lámh is focal idir a iníon Máire is mé féin. Cibé ar bith, bhí mé ag teacht na bhaile roimh an mheán oíche nuair a casadh beirt de na boic dhearga orm ag teacht anoir. Níl a fhios agam cén áit a bhí siad ag teacht as nó cad é'n droch-ghaoth a sheol mo bhealachsa iad ach bhí siad ólta. Is dócha go raibh siad i gcró inteacht ina bhfuair siad poitín. Ní raibh iompar ró chairdiúil leofa agus bhí a fhios agam go raibh mé i mbuaireamh nuair a stad siad ag an droichead caol ag feitheamh orm. "What brings you out at this time of the night you papist pig" dúirt fear acu. "Yeah, and what's your name you pig," dúirt an fear eile, agus chonaic mé gur sáirsint a bhí san fhear seo. "Seán Ó Colla" a dúirt mé leis agus bhuail sé cnag orm lena dhorn. "Don't give me any of that Gaelic muck" a dúirt sé. Ansin dúirt sé rud éigin i mBéarla nár thuig mé agus bhuail sé mé le buta dena ghunna nuair nár fhreagair mé é. Tháinig an fear eile isteach ansin agus bhí an bheirt acu ag dul domh. Tá a fhios agaibh féin an droichead caol, tá'n t-adhmad lofa agus cibé cén dóigh a tharla sé bhris an taobh agus thit an triúr againn isteach san abhainn agus mise ar mhullach an tsáirsint. Ní fiú trácht ar an mhéid uisce a bhí san abhainn agus bhuail an sáirsint a chloigeann in éadan cloiche agus scoilt sé mar a bheadh práta bruite ann. Bhí an fear eile ag teacht aige féin faoin am seo agus chonaic sé an sáirsint. "You killed the sergeant you bastard." scairt sé agus thóg sé a ghunna. Tháinig mise amach as an abhainn mar a bheadh cat scallta ann agus dhírigh mé ar na cnoic. Tá a fhios agaibh féin cad é a tharla i ndiaidh sin. Tá a fhios agaibh anois go bhfuil sibh ag glacaint seans millteanach amuigh anseo ag cuidiú liomsa. "Na habair a dhath fá dtaoibh dó," arsa Conál. Níl tú ciontach as coir ar bith ach sin mar atá rudaí sa tír seo ar na laethanta seo. Dóigh amháin nó dóigh eile tá do shaol in Éirinn thart muna bhfaigheann Napoleon an bhua ar na Sasanaigh, agus ní féidir leatsa fanacht go dtarlóidh sin.*

*Chuir Proinsí a lámh ina phóca agus thug sé amach scilling. "Seo agat, tabhair leat í, cuideoidh sé leat. Caithfidh tú do bhealach a dhéanamh go Rath Maoileáin agus ansin gabh isteach i dteach Chonchobhair Dubh atá in aice leis an ché. Tá seisean pósta ar Hanna, deirfiúr domh, cuideoidh siad leat. Bí cúramach ag dul isteach mar tá an baile sin plódaithe le saighdiúirí. Nuair a fheicfidh tú bád chogaidh ar an ché lig ort féin go bhfuil tú ólta agus tit ina chodladh in aice lei. Nuair a thabharfaidh duine acu faoi deara fear óg láidir ólta agus gan aon duine leis, ní bheidh siadsan i bhfad do thógáil agus beidh tú i gcabhlach an Rí. Ní chuirfidh siadsan ceisteanna ar bith ort. Ní dóigh liomsa go bhfuil an dara rogha agat mar níl bádaí ar bith eile ag fágáil na tíre seo fhad is tá an cogadh ar siúl. Anois, tá am imeacht ann, caithfidh muidinne a bheith ar an Aifreann ar maidin nó beidh muid uilig i bpríosún. Thóg Conáil píosa aráin amach as a phóca agus thug do Sheán é. "Ith seo a ghasúir, cuideoidh sé leat." "Go raibh maith agaibh uilig," a dúirt Seán, "a Proinsí thig leatsa rudaí a mhíniú do mo mháthair." "Ná*

*bíodh imní ar bith ort fá do mháthair, ní fheicfidh sí lá ocrais a fhad is tá mise i mo shláinte," arsa Proinsí. "Slán libh mar sin," dúirt Seán. "Buailigí an bóthar go gasta a fheara agus ná bígí mall don Aifreann." Chuaigh siad uilig trasna na habhann ansin agus d'imigh Seán Mháire soir agus chuaigh an triúr eile ó thuaidh agus neart deifre orthu.*

*Bhí an tAthair Ó Dochartaigh ag tabhairt amach Comaoineach ar maidin ag Aird na hAltóra nuair a chonaic Feadaímó an marcshlua ag teacht. Tháinig siad de ruathar agus scanraigh na daoine. D'imigh siad de ruaig reatha achan bhealach. Chuaigh na dragúin thart ar imeall an tslua agus bhailigh siad isteach arís iad mar a bheadh caoirigh ann. Bhí mná agus páistí ag caoineadh agus fir ag déanamh a ndícheall uchta a thabhairt díofa, cé gur bheagán a bhí acu féin faoi lansaí na ndragún . Thit croí Pháidí Dhomhnail nuair a chonaic sé go raibh an Captaen Albertson i gceannas orthu. Rinne an Captaen a chapall a shrianadh os comhair an tsagairt.*

*We're looking for a certain John Coll, where is he ? "I have no idea" arsa an sagairt. "Liar," a scairt an Captaen agus an fhuil ag éirigh ann. " You papist priests know everything that these maggoty scum get up to". Bhuail an Captaen an sagart lena eachlasc ansin agus thit an comaoineach ar an talamh. D'éirigh scread uafásach ó na daoine nuair a chonaic siad seo. Chuaigh an sagart ar a ghlúine leis an chomaoineach a thógáil agus chuir an Captaen a chapall chun tosaigh ag satailt na bpíosaí beaga geala isteach sa talamh .*

*Ghlac Feadaímó coiscéim chun tosaigh ach chuir a athair srian air. Má tharraingíonn tú aird an fhir sin ort inniu a Fheadaímó beimid uilig sa phríosún tráthnóna.*

***Beidh an chuid eile sa chéad eagrán eile.***

# Uan £41,000 Sterling.



***Duine ar bith faoin cheantar seo a bhfuil caoirigh acu, beidh suim acu sa phíosa beag seo fá uan aghaidh dhubh ( North Blackface ) a cheannaigh feirmeoir sna Sé Chondae ag margadh i bPerth in Alban i mí Dheireadh Fómhair.***

***Tá a fhios agam nach bhfuil a dhath cosúil leis 'na rith thart faoi mhachaire Dhun Dubháin nó amuigh ar shléibhte ghaothmhara an Mhill Mhór, ach b'fhéidir gur cheart dúinn a bheith ag smaoineamh fá chinn mar seo a cheannacht isteach. Tá siad rud beag daor!!.***

## Ranganna Gaeilge



Beidh ranganna Gaeilge ag toiseacht ar an 6ú lá de mhí na Samhna ins an Ionad Acmhainne sna Dúnaibh. Beidh na ranganna bunaithe ar Theastas Eorpach na Gaeilge. Beidh ranganna ann do achan leibhéal ag toiseacht le A1 do na tosaitheoirí agus ag dul suas go A2, B1, B2, C1 agus C2.

Tá scrúdaithe ansin i mí na Bealtaine agus beidh teastas ann do gach leibhéal. Tá suim mhór ag daoine sna ranganna seo agus níl amhras ar bith gur seans maith é seo Gaeilge a fhoghlaim, nó feabhas a chur ar cibé Gaeilge atá agat.

# Campaí Samhraidh

D'eagraigh Céim Aniar dhá Champa Samhraidh do pháistí bunscoile (idir 6 bliana agus 13 bliana d'aois) sna Dúnaibh ón 3ú - 7ú Iúil agus ón 14ú – 18ú Lúnasa 2006. Rinneadh é á reáchtáil in ionad C.L.G. na nDúnaibh ó 10am go dtí 3pm achan lá. Bhí an dá Champa seo oscailte do na páistí sa Tionscnamh Pleanála Teanga chomh maith le páistí ón taobh amuigh. Bhí suas le 30 páiste i láthair agus d'éirigh thar barr leis. Bhí na hábhair uilig déanta tré mheán na Gaeilge agus seo liosta de na hábhair a bhí á dteagasc ann:

Ríomhaireacht, Peil, Comhrá Gaeilge, Garchabhair, Cispheil, Dreas Cainte, Ealaín agus Ceird, Tógáil



Caisleán ar an trá, Tóraíocht Scavenger, Rásaí, Scéalaíocht agus Amhránaíocht, Comórtas Talainn, Tráth na gCeist agus Damhsa Gaelach.





Thug muid cuireadh do na tuismitheoirí theacht ar an Aoine chun seó beag a fheiceáil a chuir na páistí le chéile. Dúirt siad uilig dán, bhí Amhráin, Ceol, Damhsa Gaelach, agus Agallamh Beirte ann chomh maith. Bhain achan duine sult as an seó agus ansin bronnadh teastas, bonn agus duais ar gach páiste.



Is é an sprioc a bhí againn sna campaí seachtaine ná léir imeachtaí suimiúla a bheith againn le hintinn na bpáistí a spreagadh agus rinne siad iarracht mhaith Gaeilge a labhairt i rith an ama. Maith sibh a pháistí!!

## Cupla Seanfhocal

Dá mbeadh soineann go Samhain, bheadh breall ar dhuine éigin.

***

Is fearr Gaeilge bhriste na Béarla cliste.

***

Faigh do bhean i gcóngar, ach i bhfad uait díol do bhó.

***

Drochubh, drochéan.

***

Bíonn gach duine go lách go dtéann bó ina gharraí.

***

Na ceithre rud is measa amuigh;
Ceann tinn, béal seirbh, intinn bhuartha
agus póca folamh.




An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs
Foras na Gaeilge
Údarás na Gaeltachta